**Leasú 92**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Fo-cheannteideal 18**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***An ceart chun faisnéise agus an tsaoirse tuairimí a nochtadh, lena n-áirítear saoirse na meán agus iolrachas*** | ***scriosta*** |

Or. en


Aontaithe san éagsúlacht

**Leasú 93**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 42**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***42. á mheabhrú gur chuir an Pharlaimint in iúl, ina rún an 14 Meán Fómhair 2016, gur cúis bhuartha di athruithe a glacadh roimhe sin agus athruithe nuamholta ar dhlí na meán sa Pholainn; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an reachtaíocht a glacadh maidir lena comhoiriúnacht le dlí an Aontais, go háirithe le hAirteagal 11 den Chairt agus le dlí an Aontais i dtaobh na meán poiblí;*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 94**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 44**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***44. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an úsáid iomarcach a bhaineann roinnt polaiteoirí as cásanna clúmhillte i gcoinne iriseoirí, lena n-áirítear trí fhíneálacha coiriúla a fhorchur agus iriseoirí a fhionraí óna ngairm a fheidhmiú; á chur in iúl gurb eagal di go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach ar lucht ghairm na hiriseoireachta agus na meán agus ar a neamhspleáchas***[85]; ***á iarraidh ar údaráis na Polainne go ndéanfaí rochtain ar leigheasanna dlí iomchuí a ráthú d'iriseoirí agus dá dteaghlaigh a thagann faoi réir cás dlí ina bhfuil sé i gceist na meáin neamhspleácha a chur ina dtost nó a imeaglú; á iarraidh ar údaráis na Polainne Moladh ó Chomhairle na hEorpa an 13 Aibreán 2016 maidir le cosaint na hiriseoireachta agus sábháilteacht iriseoirí agus gníomhartha meáin eile a chur chun feidhme ina iomláine***[86]; ***á chur in iúl gurb oth léi nár tháinig an Coimisiún ar reachtaíocht fhrith-SLAPP (cás dlí straitéiseach i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí) a chosnódh iriseoirí agus meáin na Polainne ó chásanna dlí cráiteacha, freisin;*** | ***scriosta*** |

______________________

***[85]Ardán Chomhairle na hEorpa maidir le***

***Cosaint Iriseoireachta agus Sábháilteacht Iriseoirí a Chur Chun Cinn, Tuarascáil Bhliantúil 2020, Márta 2020, lch. 42.***

***[86]Comhairle na hEorpa, Moladh CM/Rec(2016)4 an 13 Aibreán 2016 ó Choiste na nAirí do na Ballstáit maidir le cosaint iriseoireachta agus sábháilteacht iriseoirí agus gníomhartha meán eile.***

Or. en

11.9.2020 A9-0138/95

**Leasú 95**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 45**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***45. á chur in iúl gur chúis bhuartha di na cásanna tuairiscithe d'iriseoirí a choinneáil de bharr a bpost a dhéanamh agus iad ag tuairisciú ar agóidí frith-dianghlasála le linn eipidéim COVID-19[87];*** | ***scriosta*** |

***[87] Rianaire Institiúid Idirnáisiúnta an Phreasa (IPI) maidir le Sáruithe ar Shaoirse an Phreasa Nasctha le Tuairisciú COVID-19, https://ipi.media/covid19-media-freedom-monitoring/.***

Or. en

**Leasú 96**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Fo-cheanntheideal 19**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Saoirse acadúil*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 97**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 46**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***46. á chur in iúl gur cúis bhuartha di úsáid agus bagairt na dlithíochta clúmhillte i gcoinne acadóirí; á iarraidh ar údaráis na Polainne saoirse cainte agus saoirse acadúil a urramú, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta;[88]*** | ***scriosta*** |
| ***[88] Comhairle na hEorpa, Eagraíocht na Stát Meiriceánach et al., Dearbhú an Fhóraim Dhomhanda maidir le Saoirse Acadúil, Neamhspleáchas Institiúideach agus Todhchaí an Daonlathais, an 21 Meitheamh 2019.*** | |

Or. en

**Leasú 98**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 47**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***47. á iarraidh ar Pharlaimint na Polainne Caibidil 6c de Ghníomh an 18 Nollaig 1998 maidir leis an Institiúid um Chuimhneachán Náisiúnta – an Coiste le haghaidh Coireanna i gcoinne Náisiún na Polainne a Ionchúiseamh[89] –* a aisghairm, ar Caibidil í lena ndéantar saoirse cainte agus taighde neamhspleách a chur i gcontúirt trí chion sibhialta atá inghníomhaithe os comhair cúirteanna sibhialta a dhéanamh de dhochar a dhéanamh do chlú na Polainne agus a pobail, amhail trí aon chomhpháirteachas san Uileloscadh a chur i leith na Polainne nó na bPolannach**[90]; | ***scriosta*** |
| ***[89] Ustawa z dnia 18 Nollaig 1998 r. o Instytucie Pamięci Narodowej - Komisji Ścigania Zbrodni przeciwko Narodowi Polskiemu (Dz.U. 1998 nr 155 poz. 1016).*** | |
| ***[90] Féach, freisin, an Ráiteas an 28 Meitheamh 2018 ó Ionadaí ESCE maidir le Saoirse na Meán.*** | |

Or. en

**Leasú 99**

**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**

**Juan Fernando López Aguilar**

Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Fo-cheanntheideal**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Saoirse comhthionóil*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 100**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 48**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 48. ***á iarraidh an athuair ar rialtas na Polainne an ceart chun saoirse comhthionóil a urramú trí na forálacha lena dtugtar tosaíocht do thionóil 'thimthriallacha' arna bhformheas ag an rialtas[93] a bhaint den Ghníomh reatha amhail an 24 Iúil 2015 maidir le*** comhthionóil phoiblí[91], ***arna*** leasú ***an 13 Nollaig 2016[92]; á áitiú ar údaráis na Polainne staonadh ó smachtbhannaí coiriúla a chur i bhfeidhm maidir le daoine a bhíonn rannpháirteach i*** gcomhthionóil ***shíochánta nó i bhfrithléirsithe agus á áitiú orthu cúisimh choiriúla i gcoinne agóideoirí síochánta a tharraingt siar; á áitiú ar údaráis na Polainne, de bhreis air sin, chun*** comhthionóil ***shíochánta a chosaint go leormhaith agus iad siúd a dhéanann ionsaí go foréigneach ar dhaoine a ghlacann páirt i*** gcomhthionóil ***shíochánta a thabhairt faoi réim an cheartais;*** | 48. ***á mheabhrú gur tháinig leasú ar an nGníomh*** um chomhthionóil phoiblí ***i bhfeidhm*** an 2 Aibreán 2017, agus gur leasaíodh ***Airteagal 12(1) den ghníomh trí riail a thabhairt isteach lena sonraítear nach bhféadfar*** tionóil ***éagsúla a reáchtáil laistigh de 100 méadar dá chéile, agus ar an gcaoi sin laghdaítear leis an leasú an dóchúlacht go mbeidh baol ann do shábháilteacht rannpháirtithe i*** dtionóil ***chomhthráthacha tríd an achar eatarthu a mhéadú, cé go mbeidh a rannpháirtithe in ann a dtuairimí a chur in iúl; á mheabhrú go mbeidh sé de cheart ag daoine nó ag eagraíochtaí*** tionóil ***a eagrú nuair a dhéanfar na ceanglais fhoirmiúla a leagtar amach i nGníomh an 24 Iúil 2015 a chomhlíonadh;*** |

[91] Ustawa z dnia 24 Iúil 2015 r. Prawo o zgromadzeniach (Dz.U. 2015 poz. 1485).

[92] 92 Ustawa z dnia 13 Nollaig 2016 r. o zmianie ustawy - Prawo o zgromadzeniach (Dz.U. 2017 poz. 579).

[93]Féach, freisin, Teachtaireacht an 23

Aibreán 2018 ó Shaineolaithe na Náisiún Aontaithe ag tathant ar an bPolainn rannpháirtíocht shaor agus iomlán ag cainteanna aeráide a áirithiú.

Or. en

**Leasú 101**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 49**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 49. ***á chur in iúl gur cúis bhuartha di an toirmeasc an-sriantach ar*** chomhthionóil[94] ***phoiblí a bhí i bhfeidhm i rith phaindéim COVID-19 gan staid tubaiste nádúrtha*** a thabhairt isteach ***mar a leagtar síos in Airteagal 232 de Bhunreacht na Polainne agus ag áitiú ar an ngá atá le prionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm agus srian a chur ar an gceart chun*** tionóil; | 49. ***á mheabhrú go mbeidh sé de cheart ag daoine nó ag eagraíochtaí*** tionóil ***a eagrú tar éis dóibh na ceanglais fhoirmiúla a leagtar amach i nGníomh an 24 Iúil 2015 a chomhlíonadh, agus nach bhfuil oifigigh phóilíneachta le gníomhú ach i gcoinne daoine a sháraíonn an t-ord dlíthiúil atá i réim, ar dtús trí iarracht a dhéanamh iad a scaradh ó rannpháirtithe a bhfuil a dtuairimí á léiriú go síochánta acu; á mheabhrú, ina theannta sin, gur thug an Binse Bunreachtúil le fios gurb ionann institiúid na dtionól timthriallach*** a thabhairt isteach ***agus bealach breise agus nua chun an creat dlíthiúil maidir le feidhmiú saoirse*** comhthionóil ***a shainiú;*** |

[94] Coimisinéir na Polainne um Chearta an Duine, litir chuig an Aireacht Gnóthaí Baile agus Riaracháin, an 6 Bealtaine 2020.

Or. en